
# Baintear geit as Simon



## Ag breith greime ar lámha

RSA
Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority




Athchóiríodh an leabhar seo ón sraith ‘Salman agus a chairde’

Ba maith leis an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre buíochas a ghabháil leis an gComhpháirtíocht Mhanchain um Laghdú Taismigh as a gcead chun an sraith ‘Salman agus a chairde’ a athchóiriú chun an comhthéacs Éireannach a fheiliúint.

Glacadh na hachmhainní go léir ó bhunábhar a sholáthar an Chomhpháirtíocht Mhanchain um Laghdú Taismigh.




# Simon agus a chairde




**Leabhair sa sraith**

Baintear geit as Simon
Picnic de chuid Josie
Téann Charlie go dtí cóisír
Turas Sara & Sophia go dtí an fheirm




Tá sé in am chun Simon a bhailiú ón naíonra.

Deir Mamaí,
"Beir greim ar mo
lámh mar tá
na bóithre
an-ghnóthach
agus
an-dainséarach.




Ina dhiaidh sin, tógann Mamaí
Simon go dtí an siopa chun
liathróid pheile a cheannach.



Beireann
Simon greim ar a
liathróid le lámh amháin agus lámh
a Mhamaí leis an lámh eile.





Ach nuair atá
siad ag siúl abhaile cailleann
Simon a liathróid pheile.


Preabann sí go hard agus casann sí amach ar an mbóthar.








Scaoileann Simon lámh a Mhamaí
agus tosaíonn sé ag rith i ndiaidh na liathróide.






Béiceann Mamaí, "STAD, Simon, STAD ANOIS! Stadann Simon, ach ní stadann an liathróid agus buaileann gluaisteán í.



Deir Mamaí, "Simon, ná scail lámh Mamaí riamh.
D'fhéadfá a bheith i dtuairt leis an ngluaisteán cosúil le do liathróid."








Stadann Mamaí, féachann sí, éisteann sí agus smaoineann sí sula dtrasnaíonn sí an bóthar chun liathróid phléasctha Shimon a fháil.




Tá Simon thar a bheith trína chéile mar gheall ar a liathróid. Tá Mamaí thar a bheith sásta go bhfuil Simon sábháilte.



Cuireann Mamaí iontas ar Shimon agus ceannaíonn sí liathróid nua dó.

Tógann Simon abhaile é agus imríonn sé peil sa ghairdín.



Deir Simon, "Caithfimid greim a bhreith ar lámha agus muid in aice leis an mbóthar."



Is féidir leat liathróid a ionadú ach ní páiste.

# Baintear geit as Simon - Gníomhaíochtaí Sínidh

Bain sult as an leabhar seo le do pháiste. Is bealach maith iad leabhair chun gníomhaíochtaí agus eispéiris fhoghlama a spreagadh. Is féidir leat labhairt faoin scéal, faoi na pictiúir, agus faoi na carachtair. Spreag do pháistí chun ceisteanna a chur.
An féidir le do pháiste cabhrú leat chun an scéal a athinsint?
Is féidir leat an scéal seo a úsáid freisin chun labhairt faoi pointí um shábháilteacht bóithre mar shampla

- Cén fáth go gcaithfimid greim a bhreith ar lámha?
- Cén áit a gcaithfimid greim a bhreith ar lámha?
- Cad is féidir linn a dhéanamh mura bhfuil sé indéanta greim a bhreith ar lámha?
- Cé leis an lámh atá sé sábháilte greim a bhreith air agus tú agus trasnú an bhóthair?
- Cad iad na háiteanna sábháilte chun an bothair a thrasnú?

## Smaointe breise

Roghnaigh tréimhse chiúin agus suigh go compórdach le do pháiste agus féach ar an leabhar. Tá fócas an leabhair ar a bheith sábháilte agus tú ag trasnú an bhóthair agus ar an tábhacht a bhaineann le greim a bhreith ar lámha.

- Léigh an scéal do do pháiste.
- Spreag do pháiste chun ceisteanna a chur faoi na carachtair go léir.
- Féach ar an leabhar le chéile arís ach ag an am seo iarr ar do pháiste na pictiúir a fháil a thaispeáineann Simon ag breith greime ar lámh a Mhamaí.
- Iarr ar do pháiste  cabhair a thabhairt duit chun an scéal a athinsint.
- An féidir leo pictiúr na liathróide pléasctha a fháil?
- An féidir leo a insint duit cad a tharla?



- An féidir leo a chuimhneamh cad a dúirt Mamaí?
- Labhair le do pháiste faoin mbóthar a thrasnú le chéile go sábháilte.

Iarr ar do pháiste machnamh a dhéanamh ar na hamanna éagsúla a théann tú amach agus go bhfuil ort an bóthar a thrasnú. Cá bhfuil tú ag dul? Conas a trasnaíonn tú go sábhálte?

Cuir i gcuimhne do do pháiste faoin tábhacht a bhaineann le greim a bhreith ar lámha.

## Gníomhaíochtaí eile le déanamh le do pháiste

### Rólimirt

Bain úsáid as bréagáin nó daoine muinteartha/cairde chun slite éagsúla chun an bóthar a thrasnú a athchruthú.

### Cluichí

Imir cluichí a spreagann greim a bhreith ar lámha mar shampla Roille, Roille, Ráinne.



## Amhráin

Amhrán um shábháilteacht ar bhóithre (fonn: Má tá tú sásta agus is éol duit)

Agus tú ag trasnú an bóthar
Tóg lámh do _______,
Agus tú ag trasnú an bóthar
Tóg lámh do ________,
Má tá tú cliste agus is éol duit,
Agus ba chóir duit é a thaispeáint,
Agus tú ag trasnú an bóthar
Tóg lámh do _______,




__________ Cuir isteach anim duine freagrach.i. Mhamaí, Dhaidí, Mhúinteoir, Chara srl.

Ag breith greime ar lámha (fonn: Cuir an citeal síos a Phóilín)


Caithfimid lámh ár _________ a thógáil
Caithfimid lámh ár _________ a thógáil
Caithfimid lámh ár _________ a thógáil
Agus muid ag trasnú an bóthar
Caithfidh xxxxx lámh a ________ a thógáil
Caithfidh xxxxx lámh a ________ a thógáil
Caithfidh xxxxx lámh a ________ a thógáil
Agus é/í ag trasnú an bóthar

__________ Cuir isteach anim duine freagrach.i. Mhamaí, Dhaidí, Mhúinteoir, Chara srl.
XXXXXXXX Cuir isteach anim an pháiste





# Baintear geit as Simon



## Ag breith greime ar lámha


Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre,

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,
Bóthar BÁC, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

Íosghlao: 1890 50 60 80 Teil: (096) 25000 Facs: (096) 25252
R-phost: info@rsa.ie Suíomh idirlín: www.rsa.ie


Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority


deartha agus maisithe ag An Grúpa Íomhá • 0800 389 9898 • www.imagegroupuk.com